

Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga

TORTHAÍ FOGHLAMA

Forbraíonn leanaí coincheapa, meonta agus scileanna maidir le:

- Teanga ó Bhéal: Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird
- Teanga ó Bhéal: Athinsint agus mionléiriú
- Teanga ó Bhéal: Teanga a úsáid go spráúil agus go cruthaitheach
- Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht: Rannpháirtíocht
- Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht: Inspreagadh agus rogha

- Samhlaíocht agus cruthaitheacht
- Fiosracht agus eachtraíocht
- Spreagadh agus dúshlán
- Sult agus spraoi
- Réiteach fadhbanna agus cinnteoireacht.



Cén fáth Teagasc agus Foghlaim a dhéanamh spráúil?

Is maith is eol dúinn gur breá le leanaí óga a bheith ag súgradh agus nuair atá siad i mbun eispéireas spráúil ar ardchaighdeán, tugann fianaise le fios go léiríonn siad

- Spontáineacht agus sruth
- Saoirse, rogha agus ceannas

Tá léirithe i gCuraclam Teanga na Bunscoile an tábacht a bhaineann leis an súgradh agus le heispéiris spráúla ó thaobh na foghlama teanga de i measc leanaí, rud atá ar aon dul leis na prionsabail agus na treoirlinnte cleachtais atá leagtha amach in *Aistear* (2009).

Mar sin, cén chaoi ar féidir saintréithe spráúla a fhí go bríoch le chéile le gnéithe den teagasc agus den fhoghlaim teanga i saol bunscoile an linbh?

Cén chaoi ar féidir linn Teagasc agus Foghlaim a dhéanamh spráúil?

Chun é sin a dhéanamh ar bhealach éifeachtach, cuireann an múinteoir tús le méid áirithe spráúlachta agus coinníonn sé í sin i ngach uile ghné den fhoghlaim agus den teagasc teanga. Mar shampla, bíonn an t-atmaisféar éadrom agus éiríonn an ghníomhaíocht féinchothabháilach de bharr go mbíonn sé taitneamhach. Leantar castaí agus treoracha gan choinne, cé go mbíonn méid áirithe struchtúir fós ann le tacú le foghlaim éifeachtach teanga.

Tá i bhfad níos mó ná an súgradh ar leithlis i gceist leis an súgradh spráúil. Déanta na fírinne, tá gach uile ghné de na sé phríomhcholún san áireamh ann. Ina measc siúd tá an gá le

1. **Caidreamh** croíúil, sábháilte a chothú leis na leanaí.
2. **Gníomhaíochtaí** spráúla, tarraingteacha a chur chun cinn leis na leanaí.
3. **Deiseanna** spráúla a chur ar fáil i ngach eispéireas teagasc agus foghlama.
4. Luas agus meaitseáil **thuisceanach** a chinntiú, bunaithe ar eolas ar chonairí forbartha.
5. **Meas** a léiriú d'éagsúlachtaí ó thaobh cumais, pearsantachta, aoise agus cultúir de.
6. **Dul chun cinn** agus idirlinnte a bhainistiú.

Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga



Agus tú ag smaoineamh ar an teagasc agus an fhoghlaim a dhéanamh spráúil, is tábhachtach an rud é go mbíonn leanaí sásta a gcuid smaointe agus tuairimí a chur in iúl agus ‘trial’ a bhaint as leabhar a léamh nó smaoineamh a scríobh síos gan eagla a bheith orthu go ndéanfaidís botún. Ní mór don mhúinteoir a bheith ina rannpháirtí réamhghníomhach san eispéireas foghlama chomh maith agus méid áirithe fuinnimh agus díograise a léiriú le suim na leanaí a spreagadh, mar aon lena gcuid eolais agus tuisceana ar theanga a chur chun cinn agus a leathnú ag an am céanna ar luas atá oiriúnach do na riachtanais ar leith atá ag gach aon duine acu. Bíonn

deiseanna ann le bheith spráúil taobh amuigh den uair laethúil súgartha faoi stiúir an linbh. D’fhéadfadh **eispéireas iomlán scoile an linbh a bheith spráúil**, .i., le linn gníomhaíochtaí tionscanta ag leanaí **agus** gníomhaíochtaí tascbhunaithe a dtreoraíonn an múinteoir iad. Ina theannta sin, d’fhéadfadh gach gníomhaíocht den sórt sin dul chun tairbhe leanaí óga ó thaobh na foghlama agus na forbartha teanga de. Tugann fianaise ó Van Oers (1996) le fios gur féidir le teagasc agus foghlaim spráúil teanga dhá chur chuige ar leith a chuimsiú, mar atá léirithe ag an mbarr ar dheis.

SÚGRADH

Teanga

Is é an súgradh an príomhfhócas anseo, ach cuirtear gnéithe teanga leis an eispéireas de réir a chéile, m.sh. cuirtear fáiltiú agus láthair feithimh le timpeallacht shamhailteach an ospidéil. Tá sa láthair sin pinn, leabhair nótaí, ríomhaire, irisí, greannáin, catalóga, agus a thuilleadh nach iad.

TEANGA

Súgradh

Sa chás thuas, is í forbairt na scileanna teanga an príomhfhócas agus déantar gnéithe spráúlachta a fhí le chéile leis an eispéireas. Mar shampla, d’fhéadfadh an múinteoir úsáid a bhaint as puipéid, júcanna, cultúr an phobail, an áit amuigh faoin aer nó múinteoir i ról le haird na leanaí a tharraingt agus a choinneáil.

A high quality early primary experience requires playing, learning and teaching to become fully synchronised (Wood, 2007).

Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga



Ról an Mhúinteora Teanga Spraíúil

Léiríonn múinteoirí spraíúla a n-inniúlacht ghairmiúil ach:

- Eolas agus tuiscint mhaith a bheith acu ar thrí shnáithe an Churaclaim Teanga.

- Fios a bheith acu ar cén treo a rachaidh scileanna agus tuiscint na leanaí.
- Eispéiris a phleanáil de réir riachtanais agus ábhair spéise na leanaí aonair.

Léiríonn múinteoirí spraíúla nach mbíonn siad ar a n-airdeall freisin ach:

- Súgradh a dhéanamh leis na leanaí.
- Ligean dóibh bheith i gceannas.
- Cruthaitheacht a spreagadh.
- Athbhrí agus úire a thabhairt isteach san eispéireas foghlama.

Cur Chuige atá bunaithe ar Thopaic a Úsáid

Nuair a ghlactar le **cur chuige atá bunaithe ar thopaic**, tuigtear nach féidir le leanaí óga a fheiceáil go mbaineann coincheapa, scileanna agus meonta le catagóirí agus réimsí curaclaim ar leith. Tugann topaic deiseanna do leanaí **naisc bhríocha a dhéanamh**. Cuireann sé ar a gcumas a gcuid scileanna agus eolais a fhorbairt agus **a aistriú** idir comhthéacsanna éagsúla. Mura n-éiríonn le leanaí naisc a dhéanamh idir réimse amháin agus réimse eile, is minic a chaithfidh siad an t-eispéireas foghlama i dtraipisí nó a dhéanfaidh siad dearmad air.

Tuigtear i gcás cur chuige comhtháite an tábhacht a bhaineann le smaointe agus ábhair spéise de chuid na leanaí a úsáid mar thúsphointe le topaic a chur faoi chaibidil. Cuireann sé sin le **spreagadh** na leanaí chun foghlaim agus lena **rannpháirtíocht** leis an topaic

Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga

is fearr an deis go mbeidh aird chognaíoch foghlaimeoirí meallta má bhaineann an teagasc le rudaí a aithníonn siad agus má chuireann sé leis an méid atá ar eolas acu cheana féin.

Ina theannta sin, dá mhéad a scríobhtar faoin inchinn agus faoin gcaoi a bhforbraíonn sí is ea is soiléire é go nglacann an intinn mhothúchánach páirt ríthábhachtach i



eispéireas foghlama atá **bunaithe ar thopaic** do leanbh, d'fhéadfadh sé go gcothófaí meonta dearfacha agus muinín de bharr go ligeann sé don leanbh rochtain ar an gcuraclam ar bhealach atá spráúil agus oiriúnach dá chéim áirithe forbartha.

Ag tús topaice nua, cuireann clár pleanála ar chumas na leanaí pleanáil a dhéanamh in éineacht leis an múinteoir. Labhraíonn siad faoin méid atá ar eolas acu cheana féin. Nochtann siad smaointe faoi na rudaí ar mian leo fáil amach fúthu. Spreagann sé sin na leanaí chun seilbh a ghlacadh ar a gcuid foghlama féin.

Físeán 1

Éist leis an gcás maidir le cén fáth a bhfuil an teagasc agus an fhoghlaim spráúil ríthábhachtach sna luathbhlianta d'eispéireas bunscoile leanaí.

An Topaic 'Seacláid'

Measaimis go bhfuil 'Seacláid' ina topaic oiriúnach do leanaí óga. Déanfar idirbheartaíocht maidir le roghnú na topaice leis na leanaí agus tá sí bunaithe ar rud éigin a bhaineann leo agus a bhfuil suim acu ann. Is rud í freisin ag a bhfuil an-bhaint go deo leis an litearthacht sa chaoi go bhfuil sí bunaithe ar leagan preableabhair an-mhealltach de *Charlie and the Chocolate Factory* le Roald Dahl.



Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga

Eispéiris Spráíula atá Tionscanta ag an Leanbh

Tá liostaithe thíos roinnt de na heispéiris foghlama spráíula a mbainfeadh leanaí taitneamh astu faoin topaic 'Seacláid'. Rinneadh iad a chur i ngrúpaí de réir thrí shnáithe an Churaclaim Teanga.

Teanga ó Bhéal

- Páirt a ghlacadh i gcomhráite nádúrtha le linn rólimirt in *Wonka's Chocolate Café*.
- Páirt an chócaire nó an fhreastalaí a dhéanamh agus na sainfhocail a úsáid a bhaineann leis an bpáirt sin.
- Comhoibriú a dhéanamh ar thasc le mionsamhail tógála mhór a dhéanamh de mhonarcha Wonka. Spreagann sé sin cumarsáid shaibhir toisc go gcaithfidh na leanaí idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le róil agus plé a dhéanamh ar a bpleananna.
- Taitneamh a bhaint as friotal spráíuil thart ar an tráidire uisce de réir mar a théann leanaí i ngleic leis an scéal agus mar a chumann siad rímeanna seafóideacha faoi Augustus Gloop.
- Sainfhriotal a bhaineann leis an ábhar a úsáid de réir mar a fhiosraíonn leanaí cén chaoi le huisce a chur ag rith tríd an sleamhnán mirlíní.

Léitheoireacht

- An biachlár a léamh agus roghanna a dhéanamh in *Wonka's Chocolate Café*.
- Friotal matamaiticiúil a léamh de réir mar a úsáideann leanaí a bhfáisc-chláir agus tomhais neamhchaighdeánacha le mionsamhlacha a thógáil de na seomraí éagsúla atá i monarcha Charlie.
- Nascleanúint a dhéanamh ar ríomhchláir a bhaineann leis an topaic agus rudaí a léamh de réir mar a dhéanann siad nascleanúint ar an láithreán gréasáin/ríomhchlár.
- Treoracha a léamh maidir le cén chaoi le cácaí seacláide Rice Krispie a dhéanamh le haghaidh *Wonka's Chocolate Café*.

Scríbhneoireacht

- Biachláir a chur i dtoll a chéile agus a athdhréachtú don chaifé.
- Orduithe a scríobh amach do chustaiméirí.
- Fáisc-chláir agus marcóirí dathannacha a úsáid le tógáil mhonarcha Wonka a phleanáil.
- Scileanna mínluaileacha a neartú ach an taos bog seacláide a láimhsiú le rudaí a dhéanamh don chaifé.
- Scuaba péinteála ar mhéideanna éagsúla a láimhsiú le péinteáil le seacláid leáite.
- Pionsúirín a úsáid ag an tráidire gainimh le cuardach le haghaidh boinn óir sna Coco Pops.

Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga

- Pionsúirín a úsáid ag an tráidire gainimh le cuardach le haghaidh boinn óir sna Coco Pops.

Eispéiris Spráíula a bhaineann leis an Tasc atá Tionscanta ag an Múinteoir

Liostaithe thíos tá gníomhaíochtaí atá fós spráíuil cé go bhfuil siad beagáinín níos struchtúrtha agus gurb é an múinteoir a thionscnaíonn iad. Arís, rinneadh iad a chur i ngrúpaí de réir thrí shnáithe an Churaclaim Teanga.

Teanga ó Bhéal

- Páirt carachtar i leabhar a dhéanamh agus úsáid a bhaint as friotal agus frásaí a foghlaimíodh le linn amanna *Léitheoireachta i gcomhpháirt*. Cnaipí fuaime intaifeadta TFC a úsáid le ligean do leanaí guthanna na gcarachtar a thaifeadadh.
- **Meabhairmhapa den chumarsáid a gineadh nuair a rinneadh plé ar an topaic ‘Seacláid’.** D’fhéadfadh meabhairmhapa a bheith ina bhealach úsáideach le planáil leis na leanaí ag tús na topaice. Cuirtear an focal ‘Seacláid’ i gcroílár an chláir planála agus cabhraíonn focail cheisteacha amhail *cé, cá háit, cathain, céard* le leanaí smaoineamh ar a bhfuil i ndán gá cuid foghlama.



- Focail thuirisciúla a ghiniúint le cur síos a dhéanamh ar shuíomhanna ón leabhar, m.sh. ar dhul isteach i ‘Seomra na Seacláide’...
- Dul isteach i dtír na samhlaíochta nuair a thagann an múinteoir isteach sa seomra ranga i ról Willy Wonka agus nuair a iarrann sé ar na leanaí a bheith ina n-oibrithe monarchan.

Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga

Léitheoireacht

- An scéal nó an t-ord inar bhuaigh na carachtair na ticéid óir a sheicheadh.
- Turas na pónaire cacó chuig an mbarra seacláide a sheicheadh (difreáilte le ciúnna pictiúir agus le focail agus frásaí simplí).
- Siollaí ainmneacha na gcarachtar a bhualadh amach le bataí rithime.
- Rím a athrú de réir na rímeanna atá in Charlie and Chocolate Factory.

Scríbhneoireacht

- Focail a bhaineann leis an topaic a scríobh ar ghlóchláir.
- Glópheann daite, páipéar atá deartha i stíl na topaice agus fáisc-chláir a úsáid le scríbhneoireacht chruthaitheach a bhaineann leis an topaic a spreagadh.
- Scríbhneoireacht ghnásúil a dhéanamh – cén chaoi le haon rud a dhéanamh le seacláid!
- Fíric maidir leis an Uas. Cadbury a scríobh.
- Barra Wonka agus cumhdach a dhearadh.
- Ticéid óir a scríobh do bharraí Wonka.



Spraíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga

Monatóireacht a dhéanamh ar Eispéireas Spráúil Foghlama agus Teagaisc

Is fiúntach aird a thabhairt ar fhreagraí na leanaí ar an eispéireas spráúil le cáilíocht na foghlama atá ag titim amach a mheas ar an iomlán. D'fhéadfadh na ceistanna machnamhacha seo a leanas a bheith cabhrach le tús a chur leis an bpróiseas:

- Ar léirigh na leanaí ardleibhéil **suime agus spreagtha?**
- Ar léirigh siad go raibh siad **ag iarraidh a bheith cruthaitheach agus a samhlaíocht a úsáid** sa phróiseas?
- An raibh siad **fiosrach** faoin eispéireas foghlama?
- Ar chloígh siad leis **an tasc?**
- Ar léirigh siad go raibh siad **ag iarraidh a bheith cruinn agus cúramach?**
- Ar thug siad **aon mholtaí?**
- An raibh siad in ann **tuairim a thabhairt ar a gcuid oibre féin?**
- Ar léirigh siad go raibh **suim** acu sa topaic agus go raibh siad sách **inniúil** ó thaobh teanga a úsáid sna trí shnáithe den Churaclam Teanga?
- An ndeachaigh siad i ngleic leis na gníomhaíochtaí **gan fuacht gan faitíos?**
- Ar idirghníomhaigh siad le daoine eile **go muiníneach?**

Nuair a dhéantar an spráíúlacht a fhí le chéile le teagasc agus foghlaim teanga, ní hamháin go spreagtar leanaí óga chun tuilleadh a fhoghlaim ach is eispéireas saibhriúcháin é do na múinteoirí freisin!



Spráíúlacht a fhí le chéile le Teagasc agus Foghlaim Teanga

Tagairtí

- Harris-Helm, J. agus Katz, L. (2011). *Young Investigators: the Project Approach in Early Years*. Washington: NAEYC.
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009). *Aistear: Creachuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: CNCM.
- Van Oers, B. (1996). Are You Sure? The Promotion of Mathematical Thinking in the Play Activities of Young Children, *European Early Childhood Education Research Journal*, 4, 71-89.
- Walsh, G., McGuinness, C., Sproule, L. agus Trew, K. (2010). Implementing a Play-based and Developmentally Appropriate Curriculum in Northern Ireland Primary Schools: What Lessons have we Learned?, *Early Years*, 30:1, 53-66.
- Walsh, G., Sproule, L., McGuinness, C., Trew, K. agus Ingram, G. (2010). *Playful Structure: Six Pillars of Developmentally Appropriate Practice. A Handbook for Teachers. Guidance submitted to Northern Ireland Council for Curriculum Assessment and Examinations (CCEA)*.
Le fáil ag:
http://www.nicurriculum.org.uk/docs/foundation_stage/eye_curric_project/evaluation/Playful_Structure_Handbook.pdf
- Walsh, G., Sproule, L., McGuinness, C. agus Trew, K. (2011). Playful Structure: A Novel Image of Early Years Pedagogy for Primary School Classrooms, *Early Years*, 31:2, 107-119.
- Wood, E. (2007). Reconceptualising Child-Centred Education: Contemporary Directions in Policy, Theory And Practice in Early Childhood, *Forum*, 49: 1, 119-134.

Físeán

[Playfulness In Teaching And Learning](#)